**AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE**
**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**
**EARRACH, 2023**

# Sleachta Léitheoireachta

## Canúint Uladh
### Lá Spóirt

Rinne Eoin cupán tae dó féin sa seomra foirne agus shuigh sé síos ag an bhord.
“Cad é mar a d’éirigh leis an Lá Spóirt?” a d’fhiafraigh sé de Mhoya.
“Bhí sé ar dóigh,” a d’fhreagair Moya, “ach mhothaíomar uainn thú. An raibh tú tinn?”
“Bhí coinne fiaclóra agam ar maidin agus bhí orm an lá a thógáil. Bhí an-díomá orm na gníomhaíochtaí go léir a chailliúint,” a d’fhreagair Eoin.
“Ba thrua é sin ceart go leor,” arsa Moya. “Bhí lá iontach againn. Bhí an aimsir go hálainn ó thús go deireadh an lae agus bhí an-spraoi ag na gasúir agus ag na múinteoirí le chéile. D’eagraíomar na rásaí do na naíonáin ag tús an lae. Ansin, bhí rás uibhe agus spúnóige againn agus bhí rás barra rotha againn ag deireadh an lae.”
“Caithfidh go raibh sé sin an-spraíúil!” arsa Eoin.
“Bhí sé ar fheabhas!” arsa Moya.

## Canúint Chonnacht
### Slí an Atlantaigh Fhiáin

Bhí Áine i dteach ósta in Acaill ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
“Cá fhad a thógfaidh sé orm dul ó Acaill go Gaillimh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin?” a d’fhiafraigh Áine den fhreastalaí ag an Oifig Fáilte sa teach ósta.
Fuair an freastalaí léarscáil.
“Marcálfaidh mé an tslí duit ar an léarscáil seo,” arsa an freastalaí. “Trí huaire an chloig a thógfaidh sé ort dul ó Acaill go Gaillimh.”
“Go raibh míle maith agat,” a d’fhreagair Áine ag féachaint ar an léarscáil.
Bhí sí ag iarraidh an turas seo a dhéanamh le fada. Ba mhaith léi Curach Phádraig a fheiceáil. Bhí trá álainn i gCluain Cearbán. Ba mhaith léi dul ag snámh ansin. Bhí Áine ar bís.

## Canúint na Mumhan
### Cosán na Naomh

Bhí Micheál ar laethanta saoire na Cásca ón scoil. Fós féin, d’éirigh sé go moch ar maidin. Bhí plean aige don lá agus ní raibh sé chun nóiméad a chur amú. Chuir sé buidéal uisce agus lón pacáilte isteach ina mhála in éineacht lena chóta báistí. Thiomáin sé ansin ón Daingean amach go Cnoc Bréanainn. Bhí grúpa de na múinteoirí óna scoil agus treoraí gairmiúil ag feitheamh air sa charrchlós beag. Lá geal grianmhar a bhí ann.
“An bhfuil sibh réidh do Chosán na Naomh?” arsa an treoraí go gliondrach in ard a ghutha.
“Táim réidh!” arsa Micheál. “Táim ag súil go mór leis na radhairc.”
“Bhuel! Má fhanann an aimsir mar atá sí anois – geal agus grianmhar – gheobhaimid radharc ar an mBlascaod Mór ón mbarr,” arsa an treoraí.
“Bheadh sé sin go hiontach!” arsa Micheál.
“Anois, a chairde,” arsa an treoraí. “Is siúlóid fhada í seo agus ní bheimid ar ais ag na gluaisteáin arís go dtí thart ar a ceathair a chlog. Déanaigí cinnte de go bhfuil go leor uisce agaibh!”

**AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE**
**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**
**EARRACH, 2023**

# Sleachta Léitheoireachta

## Canúint Uladh

Lá Spóirt

1. Cá ndearna Eoin a chupán tae?
2. Cén fáth nach raibh Eoin ag an Lá Spóirt?
3. Cén sórt aimsire a bhí ann ar an Lá Spóirt?
4. Céard a d'eagraigh said ag tús an lae?
5. Cén rás a bhí ann ag deireadh an lae?

## Canúint Chonnacht

Slí an Atlantaigh Fhiáin

1. Cé atá ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin?
2. Céard a fuair an freastalaí?
3. Cá fhad a thógfaidh sé ar Áine dul go Gaillimh ó Acaill?
4. Céard ba mhaith le hÁine a fheiceáil?
5. Cén áit a raibh trá álainn?

## Canúint na Mumhan

Cosán na Naomh

1. Cé a bhí ar laethanta saoire na Cásca?
2. Céard a chuir Micheál ina mhála?
3. Conas a chuaigh Micheál go Cnoc Bréanainn?
4. Chomh maith le múinteoirí, cé eile a bhí ag feitheamh ar Mhicheál?
5. Cén sórt aimsire a bhí ann?